

3 Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

- 3.1** Ceanglaítear le halt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú) (Acht 1990), ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) cuntais a choimeád ar an airgead ar fad a fhaigheann sí agus a chaitheann sí san fhoirm a cheadaíonn an tAire Airgeadais (an tAire), agus iad a chur isteach go bliantúil lena n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- 3.2** Ar na hiniúchtaí a chríochnú, caithfidh GBCN na cuntais agus tuarascálacha iniúchóireachta gaolmhara an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chur isteach chuig an Aire, a chaithfidh iad a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.
- 3.3** Chomh maith leis sin, ceanglaítear le halt 12 d'Acht 1990 ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairisciú do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna a thabharfaidh GBCN chun cuntais gach bliain. Seo í an tuarascáil don bhliain 2025.

Cuntais GBCN 2025


- 3.4** Seo a leanas na cuntais arna n-iniúchadh faoi alt 12 d'Acht 1990
- Fiach Náisiúnta na hÉireann
 - Cuntas riaracháin GBCN
 - Ciste Bhanc Taisce an Phoist
 - An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát
 - An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn
 - An Ciste um Éire sa Todhchaí¹
 - An Ciste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra.¹
- 3.5** Ar leithligh uaidh sin, ullmhaíonn GBCN ráitis airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoín (faoi Acht na gCuntas Díomhaoín, 2001) agus an Chiste Carbóin (faoi Acht um an gCiste Carbóin 2007). Foilsíonn GBCN iad sin i dteannta na gcuntas eile (alt 12) a fhoilsíonn sé.
- 3.6** Eisíodh mo thuarascálacha ar na hiniúchtaí ar chuntais 2025 ar an 29 Aibreán 2026.

¹ Is gnách go dtagraíonn GBCN don Chiste um Éire sa Todhchaí agus don Chiste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra le chéile mar 'chistí um Éire sa todhchaí'. Tugtar cuntas foirmiúil orthu ar leithligh.

Struchtúr, costais agus soláthar foirne na gníomhaireachta

- 3.7** Ó bunaíodh GBCN i 1990, forbraíodh é ina eagraíocht chasta ag a bhfuil feidhmeanna iomadúla a chlúdaíonn níos mó ná a bunról agus a príomhról maidir le fiach náisiúnta na hÉireann a bhainistiú (féach Fíor 3.1).
- 3.8** Ag deireadh 2025, bhí 834 ball foirne ar bhonn coibhéise lánaimseartha ag obair in GBCN, ar fud na bhfeidhmeanna agus na ngníomhaíochtaí éagsúla (féach Fíor 3.2 agus larscríbhinn 3A).
- 3.9** I dteannta a cuid oibríochtaí féin, sannann GBCN baill foirne agus cuireann sí seirbhísí gnó agus tacaíochta ar fáil ar bhonn aisghabhála costais don Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS), do Chorporáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann agus do Mhaoiniú Teaghais-Tógála Éireann. Tá a bhord féin ag gach ceann de na heintitis a fhaigheann tacaíocht agus tá sé cuntasach ar leithligh do Dháil Éireann.

Fíor 3.1 Feidhmeanna Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta


Nótaí: a Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith le haghaidh gníomhaíochtaí gach ceann de na feidhmeanna/na heintitis seo.

b Lánscoireadh bord GNBS an 1 Lúnasa 2026.

c Sna réimsí feidhmiúla de mhaoiniú agus bainistíocht féich Stáit agus de sheirbhísí bainistíochta cisteáin, ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith le haghaidh Chiste na gCuntas Díomhaoin, Chiste Bhanc Taisce an Phoist agus Fhiach Náisiúnta na hÉireann.

3.10 Amhail dá bhforáiltear leis an Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chiseáin Náisiúnta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2026, lánscoireadh GNBS go foirmiúil an 1 Lúnasa 2026. Aistríodh freagracht as gníomhaíochtaí iarmharacha GNBS chuig Aonad Réitigh in GBCN tar éis a lánscoirthe.

Fíor 3.2 Costas oibríochtaí agus soláthar foirne de réir réimse gnó, 2025



Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

Pá atá bainteach le feidhmíocht

3.11 Cuirtear ar áireamh soláthar d'íocaíocht roghnach atá bainteach le feidhmíocht i dtromlach na gconarthaí atá ag fostaithe GBCN. Tá Coiste Luach Saothair GBCN freagrach as na nithe seo a leanas a cheadú:

- méid iomlán an phá atá bainteach le feidhmíocht in imeacht bliana agus
- dámhachtainí aonair beartaithe do bhaill d'fhoireann bainistíochta feidhmiúcháin GBCN.

Déanann an Príomhfheidhmeannach dámhachtainí íocaíochta atá bainteach le feidhmíocht le haghaidh fostaithe faoi bhun leibhéal na foirne bainistíochta feidhmiúcháin a cheadú tar éis d'fhochoiste den fhoireann bainistíochta feidhmiúcháin athbhreithniú a dhéanamh orthu.

3.12 Cuimsíonn foireann bainistíochta feidhmiúcháin GBCN

- an Príomhfheidhmeannach
- an Stiúrthóir um Maoiniú agus Bainistíocht Féich
- Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát
- Stiúrthóir an Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ)
- Stiúrthóir na gCistí um Éire sa Toghchad
- Stiúrthóir na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus NewERA²
- an Ceannasaí Baincéireachta (ar iasacht leis an Roinn Airgeadais)
- an Príomhoifigeach Airgeadais agus Oibriúcháin
- an Príomhoifigeach Daoine
- an Príomhoifigeach DLÍ.

3.13 Rinneadh íocaíochtaí atá bainteach le feidhmíocht dar luach iomlán €2.6 milliún in 2025 (2024: €2.6 milliún) le 275 fostaí (2024: 271). Astu sin, íocadh €166,000 le seachtar ball den fhoireann bainistíochta feidhmiúcháin (2024: €186,000 le seachtar ball). Ní bhfuair Príomhfheidhmeannach GBCN aon íocaíocht atá bainteach le feidhmíocht i ndáil le 2025 ná le 2024.

Gníomhaireachtaí a fhaigheann tacaíocht

3.14 Dámhadh íocaíochtaí atá bainteach le feidhmíocht dar luach iomlán €455,000 do bhaill foirne GBCN a sannadh do ghníomhaireachtaí eile le haghaidh 2025, mar a leanas:

- GNBS €69,000 (2024: €306,000)
- Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann €195,000 (2024: €192,000)
- Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann €191,000 (2024: €137,000).

² Ón 1 Meán Fómhair 2026, tá ról ar leith i gceist do Stiúrthóir na Gníomhaireachta Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus Stiúrthóir NewERA.


Soláthar foirne fheidhmeanna an chórais baincéireachta

- 3.15** Tugadh foireann GBCN atá bainteach le soláthar feidhmeanna córais baincéireachta ar iasacht don Rannóg Chomhairleach Scairseilbhe agus Airgeadais sa Roinn Airgeadais ó mhí Lúnasa 2011 i leith. Ar ordachán ón Aire, is é GBCN a íocann na costais ghaolmhara foirne agus comhairleoirí gairmiúla. Bhí na costais a thabhaigh GBCN in 2025 i ndáil leis an Rannóg Chomhairleach Scairseilbhe agus Airgeadais cothrom le €2.7 milliún (2024: €2.8 milliún).

Bainistíocht féich náisiúnta

- 3.16** Is é príomhfheidhm GBCN iasachtaí a fháil thar ceann an Aire agus fiach náisiúnta na hÉireann a bhainistiú, arb é “fiach an Stáitchiste atá neamhíoctha de thuras na huaire” an sainmhíniú atá air de réir na reachtaíochta.³
- 3.17** Amhail an 31 Nollaig 2025, b’ionann an fiach náisiúnta agus €232.2 billiún, beagnach mar an gcéanna leis an leibhéal ag deireadh 2024 (féach Fíor 3.3).
- 3.18** Bhí €3,121 milliún (2024: €3,137 milliún) i gcostais seirbhísithe féich ann in 2025 — glanlaghdú €16 milliún (nó thart ar 0.5%).⁴
- 3.19** Tá sé tuartha ag an Roinn Airgeadais, mar thoradh ar mhéadú ar iasachtaí in éineacht le rátaí úis níos airde atá measta, go méadóidh caiteachas ginearálta úis an Rialtais faoi dhó beagnach go €6 billiún in 2030, i gcomparáid leis an gcostas in 2025.⁵

Fíor 3.3 Fiach náisiúnta agus costais seirbhísithe féich, 2011 – 2025



Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Iasachtaí idir-rialtais

- 3.20** Ceannaíonn comhlachtaí agus cistí rialtais láir agus údaráis áitiúla ‘páipéar gearrthéarmach’ ar bhonn tráthrialta (i bhfoirm nótaí Stáitchiste agus nótaí cisteáin lárnaigh) ó GBCN, mar mhodh chun iarmhéideanna airgid atá ar láimh acu agus nach bhfuil ag teastáil láithreach a bhainistiú. Is cuid mhór é sin d’iasachtaíocht gearrthéarmach GBCN.

3 Is é fiach an Stáitchiste atá neamhíoctha de thuras na huaire an sainmhíniú atá ar an bhfiach náisiúnta in alt 1 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Tagraíonn GBCN dó sin mar ‘an t-ollfhiach náisiúnta’.

4 An glantorth ar ús a íocadh ar an bhfiach náisiúnta, lúide ús a tuilleadh ar shócmhainní airgeadais an Stáitchiste, móide táillí idirbhirt agus costais oibriúcháin a tabhaíodh, is é sin an sainmhíniú a thugann GBCN ar chostas seirbhísithe féich.

5 Féach [Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, Aibreán 2026](#).

- 3.21** Bhí páipéar gearrthéarmach gan íoc ag deireadh 2025 cothrom le €24.6 billiún san iomlán — suas ó €19.4 billiún ag deireadh 2024 (féach Fíor 3.4).⁶ Eisíodh beagnach gach ceann (€24.4 billiún, nó 99%) de na nótaí i dtaobh iasachtaí ó chomhlachtaí agus cistí poiblí, lenar áiríodh €13.2 billiún a tógadh ar iasacht ón gCiste Árachais Shóisialaigh agus €6.1 billiún a tógadh ar iasacht ó chistí arna mbainistiú ag GBCN féin m.sh. CISÉ.
- 3.22** Bhí €458 milliún san ús a íocadh ar fhiach gearrthéarmach in 2025 (2024: €618 milliún).

Fíor 3.4 Comhdhéanamh iasachtaí gearrthéarmacha ó chomhlachtaí poiblí amhail deireadh na bliana, 2021 – 2025

Foinse iasachta gearrthearmaí	2021	2022	2023	2024	2025
	€m	€m	€m	€m	€m
Comhlachtaí agus cistí rialtais láir	3,861	5,633	9,144	12,998	16,867
Cistí atá á mbainistiú ag GBCN	305	2,208	6,346	5,097	6,123
Údaráis áitiúla	—	1,359	1,290	799	1,140
Comhlachtaí eile san eamail phoiblí	376	523	450	413	310
Iomlán a fuarthas ar iasacht ó chomhlachtaí poiblí	4,542	9,724	17,230	19,307	24,440
Iasachtaí ó chomhlachtaí neamhphoiblí	5,224	186	128	128	148
Páipéar gearrthéarmach iomlán	9,766	9,910	17,358	19,435	24,588
Céatadán de pháipéar gearrthéarmach iomlán a eisíodh chuig comhlachtaí poiblí	47%	98%	99%	99%	99%


Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

Fiach an rialtais ghinearálta

- 3.23** Chun monatóireacht a dhéanamh ar ghluaiseachtaí fíoscacha i mballstáit an Aontais Eorpaigh, is é “an t-ollfhiach iomlán ar luach ainmniúil atá gan íoc ag deireadh na bliana agus atá comhdhlúite idir agus laistigh d’earnálacha an rialtais ghinearálta” an sainmhíniú atá ar choincheap fhiach an rialtais ghinearálta.⁷ Agus an tomhas sin á úsáid, bhí fiach an rialtais ghinearálta ag deireadh 2025 cothrom le €209.9 billiún (féach Fíor 3.5). Ba laghdú é sin ó €215.6 billiún ag deireadh 2024 — laghdú 2.6% bliain ar bhliain. Síneadh a bhí ansin ar an treocht aníos i bhfiach an rialtais ghinearálta ó 2021.

6 Nótaí Státhchiste dar luach €22.8 billiún agus nótaí cisteáin lárnaigh dar luach €1.8 billiún.

7 [Lámhleabhar Eurostat ar easnamh agus fiach rialtais](#)

Fíor 3.5 An fiach náisiúnta i gcomparáid le fiach an rialtais ghinearálta

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus an Phríomh-Oifig Staidrimh — Staitisticí Airgeadais an Rialtais 2011 – 2025

Sócmhainní airgid thirim agus leachtacha

- 3.24** Choinnigh GBCN iarmhéideanna airgid thirim agus sócmhainní leachtacha an Státchiste dar luach €38.9 billiún (2024: €34.3 billiún) ag deireadh 2025 chun críocha bainistíochta leachtacha. Áiríodh leis sin airgead tirim dar luach €9.1 billiún a bhí á shealbhú sa Bhanc Ceannais.
- 3.25** Gabhann GBCN d'iasachtú ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear chun iarmhéideanna airgid barrachais Státchiste a bhainistiú agus chun costais seirbhísithe féich a laghdú nuair is féidir. Ag deireadh 2025, cuimsíodh le hiasachtú GBCN/an Státchiste
- €26.3 billiún a bhí infheistithe i mbillí státchiste gearrthéarmacha arna n-eisiúint ag bainc cheannasacha Eorpacha agus ag gníomhaireachtaí fornáisiúnta — suas ó €14.9 billiún ag deireadh 2024
 - airleacain ghearrthéarmacha airgid thirim €3.5 billiún le hoifigí bainistíochta féich eile i limistéar an Euro.
- 3.26** Bhí an t-ioncam a tuilleadh in 2025 ó airgead tirim a bhí á shealbhú sa Bhanc Ceannais agus iasachtú sócmhainní leachtacha Státchiste cothrom le €647 milliún (2024: €894 milliún).


An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

3.27 Ciste infheistíochta atá á bhainistiú ag GBCN atá in CISE.⁸ Tá sócmhainní CISE á gcoimeád in dhá phunann.

- Tá an **phunann lánroghnach infheistíochta** comhdhéanta d'infheistíochtaí lena ndéanann GBCN sócmhainní CISE a shealbhú nó a infheistiú ar bhonn tráchtála ar bhealach atá beartaithe chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus fostaíocht in Éirinn.⁹
- Tá an **phunann ordaithe infheistíochta** faoi réir ag ordacháin a thugann an tAire.¹⁰

3.28 Mar a léirítear i bhFíor 3.6, tháinig laghdú beagnach 26% ar na glansócmhainní arna sealbhú ag CISE ó €22 billiún in 2015 go dtí thart ar €16.1 billiún ag deireadh 2025.

Fíor 3.6 Luach ghlan sócmhainní CISE, 2015 – 2025



Foinse: Ráitis Airgeadais an Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn, 2015 go 2025

Punann lánroghnach infheistíochta

3.29 Ba é €9.7 billiún luach na n-infheistíochtaí sa phunann lánroghnach ag deireadh 2025. Ba mhéadú 9% é sin ar an luach ón bhfigiúr €8.9 billiún a tuairiscíodh ag deireadh 2024.

Punann ordaithe infheistíochta

3.30 Áiríodh ar na sócmhainní a fuair CISE i mí na Nollag 2014 óna réamhtheachtaí, an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean, punann a chuimsigh, den chuid ba mhó, scairshealbha suntasacha i roinnt banc trádála a athchaipitlíodh mar chuid den chlár cobhsaíochta géarchéime baincéireachta. Tháinig sé sin chun bheith ina phunann ordaithe infheistíochta do CISE.

3.31 Ó 2015 i leith, tá laghdú 54% tagtha ar ghlanluach na sócmhainní a coimeádadh sa phunann ordaithe — ó €14 billiún ag deireadh 2015 go €6.4 billiún ag deireadh 2025. Ba é an phríomhchúis leis an laghdú le linn na tréimhse sin aistriú fáiltas ó dhíol scaireanna in AIB Group plc (AIB) agus in Bank of Ireland Group plc chuig an Státhiste.


8 Bunaíodh CISE i mí na Nollag 2014, de bhun Acht 2014.

9 Déantar infheistíochtaí lánroghnacha i gcomhréir le halt 39 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 2014 (arna leasú).

10 Déantar foráil le halt 43 d'Acht 2014 go bhféadfaidh an tAire ordachán a thabhairt do GBCN maidir le sealbhú agus bainistíocht aon infheistíochta ordaithe, le feidhmiú aon cheart vótála a ghabhann le haon infheistíocht ordaithe, nó le díúscairt infheistíochta ordaithe.

- 3.32** Bhí tuairisceán na punainne ordaithe in 2025 cothrom le thart ar 7.8% (2024: 23.9%).

Fíor 3.7 Comhdhéanamh na punainne ordaithe, 2014 – 2025



Foinse: Ráitis Airgeadais an Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn, 2014 go 2025

- 3.33** Faoi dheireadh 2025, ní raibh aon infheistíochtaí fágtha sa phunann ordaithe agus bhí na fáлтаis go léir ó dhíolachán scaireanna bainc nár aistríodh go fóill chuig an Stáitchiste á gcoimeád in airgead tirim (féach Fíor 3.7).

Dídhlísiú AIB Group plc

- 3.34** Thug GBCN chun críche díolachán na scairsheilbhe a bhí ag an Stát fós in AIB an 16 Meitheamh 2025 agus réadaíodh glanfháltais iomlána €2.7 billiún.¹¹ In 2025, ordáíodh do GBCN €1.3 billiún de na fáлтаis ó dhíolacháin scaireanna AIB a aistriú ón bpunann ordaithe chuig an Stáitchiste.

Land Development Agency DAC a mhaoiniú

- 3.35** I gcaitheamh na tréimhse 2022 go 2024, ar ordachán an Aire Airgeadais, d'aistrigh GBCN €1.25 billiún ó CISE chuig an nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún (GFT).¹² Aistríodh €500 milliún breise ón bpunann ordaithe le linn 2025, agus ina dhiaidh sin rinneadh tuilleadh aistrithe ón bpunann ordaithe atá cothrom le €1 billiún go dtí seo in 2026. Leis sin, is é €2.75 billiún an méid iomlán a tugadh do GFT ó CISE.

Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann a mhaoiniú

- 3.36** An 8 Aibreán 2019, d'ordaigh an tAire Airgeadais do GBCN comhaontú saoráide iasachta a fhorghníomhú le Home Building Finance Ireland (Lending) DAC, agus saoráid iasachta ab fhiú suas le €730 milliún ó phunann ordaithe a CISE a chur ar fáil don chuideachta. Bhí an t-iarbheid iasachta gan íoc ag deireadh mhí na Nollag 2025 cothrom le €303 milliún.

¹¹ Féach freisin *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2025*, caibidil 5, Glanhostas na mbeart cobhsaíochta baincéireachta.

¹² Maoiníodh na hinfeistíochtaí seo trí aistrithe ón bpunann lánroghnach chuig an bpunann ordaithe. Féach freisin *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2024*, caibidil 1, [Olltoradh airgeadais an Stáitchiste do 2024](#).

Caillteanas CISÉ mar gheall ar chliseadh ar rialuithe inmheánacha

- 3.37** I mí Iúil 2025, fuair GBCN iarraidh chalaoiseach ar íocaíocht €5 mhilliún ó thríú páirtí a bhí deartha agus uainithe chun go nglacfaí léi mar iarraidh dhlísteanach ar chistí ó chuideachta infheistíochta CISÉ a bhí ann cheana. Níor chuir rialuithe, a bhí beartaithe chun iarrataí calaoiseacha den sórt sin a chosc, aon chosc ar an íocaíocht a bheith déanta ag GBCN.
- 3.38** Thuairiscigh GBCN an chalaois do na húdaráis ábhartha, lena n-áirítear an Garda Síochána, agus rinne sé bearta chun na cistí a aisghabháil. Go dtí seo, tá €2.5 milliún aisghafa ag GBCN agus tá iarrachtaí ar siúl chun tuilleadh aisghabhálacha a dhéanamh.

Cistí um Éire sa Todhchaí

- 3.39** Bunaíodh an Ciste um Éire sa Todhchaí agus an Ciste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra an 30 Iúil 2024 faoi fhorálacha an Achta fán gCiste um Éire sa Todhchaí agus fán gCiste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra, 2024 (Acht 2024), agus iad le bainistiú ag GBCN.
- Bunaíodh an **Ciste um Éire sa Todhchaí** chun tacú le caiteachas an Stáit ó 2041 ar aghaidh ar bhealach comhsheasmhach inbhuanaithe.
 - Bunaíodh an **Ciste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra** le bheith ar fáil chun tacú le caiteachas Stáit i dtréimhsí meathlaithe shuntasaigh i riocht eacnamaíoch nó físcach an Stáit (ó 2026 ar aghaidh) agus ar thionscadail chomhshaoil ainmnithe áirithe idir 2026 agus 2030.
- 3.40** Is gnách go dtagraíonn GBCN do na cistí le chéile mar na ‘cistí um Éire sa todhchaí’.
- 3.41** Rinneadh foráil in Acht 2024 maidir le foirceannadh na sócmhainní a bhí i gCúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) agus maidir le haistriú a acmhainní chuig na cistí um Éire sa todhchaí. I mí Mheán Fómhair 2024, aistríodh €6.3 billiún san iomlán ó Chúlchiste an Bharrachais Náisiúnta chuig na cistí nua: €4.3 billiún chuig an gCiste um Éire sa Todhchaí agus €2 billiún chuig an gCiste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra.
- 3.42** I dteannta na n-aistrithe tosaigh, foráiltear le hAcht 2024 d’aistrithe bliantúla suntasacha ón Státchiste isteach sna cistí, faoi réir próiseas measúnaithe eacnamaíoch agus fhioscaigh arna chur i gcrích ag Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann agus an Roinn Airgeadais.
- I gcás gach bliana ó 2024 go 2035, ceanglaítear faoin Acht go n-íocfaí ranníocaíocht reachtúil Státchiste isteach sa Chiste um Éire sa Todhchaí arb ionann í agus 0.8% de OTI measta na hÉireann don bhliain dhá bhliain roimhe sin (dá ngairtear an ‘OTI ábhartha’ don bhliain ranníocaíochta).¹³
 - I gcás gach bliana ó 2025 go 2030, déantar foráil san Acht d’íocaíochtaí ón Státchiste de €2 billiún in aghaidh na bliana isteach sa Chiste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra.¹⁴
- 3.43** In 2025, rinneadh aistrithe dar luach iomlán €4.08 billiún (2024: €4.05 billiún) chuig an gCiste um Éire sa Todhchaí ón bPríomh-Chiste — bhí sé sin cothrom le 0.8% den OTI measta le haghaidh 2023. Rinneadh aistrithe dar luach iomlán €2 billiún chuig an gCiste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra in 2025 freisin.

13 Féadfar méid ranníocaíochta níos airde a aistriú má cheadaítear é le vóta i nDáil Éireann. Tar éis 2035, cinnfear an méid a aistreofar gach bliain le vóta i nDáil Éireann. Féach alt 8 den Acht.

14 Féadfar méid ranníocaíochta níos airde a aistriú má cheadaítear é le vóta i nDáil Éireann. Tar éis 2030, cinnfear an méid a aistreofar gach bliain le vóta i nDáil Éireann. Féach alt 17 den Acht.

- 3.44** Ag deireadh 2025, bhí glansócmhainní na gcistí um Éire sa Todhchaí i dteannta a chéile cothrom le €16.82 billiún (2024: €10.47 billiún), lena n-áirítear ús fabhraithe agus gnóthachain ‘luacha chóir’.¹⁵ Infheistíodh beagnach gach ceann de na cistí in ionstraimí féich cheannasaigh limistéar an Euro a raibh tréimhsí aibíochta faoi bhun trí bliana acu.
- 3.45** Bhunaigh GBCN coiste infheistíochta chun cabhrú leis rialú agus bainistíocht a dhéanamh ar na cistí um Éire sa todhchaí. Áirítear iad seo a leanas le feidhmeanna an choiste: moltaí a dhéanamh don Bhord maidir leis an straitéis infheistíochta le haghaidh na gcistí; athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis infheistíochta agus formhaoirseacht a dhéanamh ar a cur i bhfeidhm; monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán agus riosca foriomlán na gCistí; measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht leanúnach bainisteoirí infheistíochta seachfhoinsithe; agus moltaí maidir le hinfeistíochtaí a chur ar fáil don Bhord — a dhéanann an cinneadh deiridh infheistíochta ansin.
- 3.46** I mí an Mheithimh 2025, cheap GBCN coimeádaí domhanda seachtrach do na cistí ar a bhfuil freagracht as caomhnú, socrú agus cumhdach sócmhainní. Chuaigh an coimeádaí seachtrach i mbun sócmhainní an chiste a chaomhnú ag deireadh mhí Iúil 2025.¹⁶
- 3.47** Le linn 2025, cheap GBCN ceithre bhainisteoir infheistíochta chun seirbhísí éighníomhacha bainistíochta infheistíochta a chur ar fáil do na cistí faoi straitéis fhadtéarmach infheistíochta gach ciste.
- 3.48** Déanann GBCN monatóireacht ar fheidhmíocht na mbainisteoirí infheistíochta agus an choimeádaí dhomhanda agus déanann sé monatóireacht freisin ar na rioscaí gaolmhara i gcomhréir leis na beartais riosca is ábhartha.

¹⁵ Bhí na glansócmhainní comhdhéanta de €12.75 billiún (2024: €8.45 billiún) sa Chiste um Éire sa Todhchaí agus €4.07 billiún (2024: €2.02 billiún) sa Chiste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra.

¹⁶ Aistríodh na sócmhainní chuig an gcoimeádaí trí aistriú in specie.

An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

3.49 Bainistíonn GBCN éilimh a bhaineann le díobháil phearsanta, lena n-áirítear faillí chliniciúil, agus éilimh tríú páirtí a bhaineann le damáiste do réadmhaoin thar ceann an Stáit agus thar ceann údaráis áirithe ‘tharmligthe’ Stáit. Lena chois sin, tá ról bainistíochta riosca aige, ina dtugann sé comhairle agus cabhair d’údaráis Stáit chun a neamhchosaint ar éilimh a laghdú. Chomh maith leis sin, déanann sé breithniú agus bainistiú ar éilimh costais tríú páirtí i gcoinne an Stáit agus údaráis tharmligthe Stáit, a eascraíonn as gach catagóir éileamh. Agus na feidhmeanna sin á gcur i gcrích, tugtar ‘an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS)’ ar GBCN.

Socrú éileamh in 2025


3.50 In 2025, d’íoc GÉS socraíochtaí, dámhachtainí agus speansais dar luach iomlán €513 milliún — laghdú 2% ón mbliain roimhe (2024: €521 mhilliún).¹⁷ Tá na méideanna sin in-aisghabhála ag GÉS ó na húdaráis Stáit ábhartha.¹⁸

Dliteanas measta fós gan íoc

3.51 Mheas GÉS go mbeadh an costas a bhaineann le héilimh gan íoc a shocrú ag deireadh 2025 cothrom le €5.46 billiún (2024: €5.35 billiún).¹⁹

3.52 Tá éilimh chliniciúla dar luach €4.43 billiún san iomlán freagrach as formhór an dliteanas mheasta chomhiomláin gan íoc agus baineann an €1.03 billiún eile le héilimh ghinearálta. Is le héilimh mháithreachais a bhaineann thart ar 60% (€2.67 billiún) de luach iomlán na n-éileamh cliniciúil (féach Fíor 3.8).

Fíor 3.8 Éilimh chliniciúla de réir seirbhíse agus an dliteanas measta fós gan íoc, ag deireadh 2025



Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Cuimsíonn 'Eile' na seirbhísí go léir eile atá fágtha.

17 Cuimsíonn sé seo gach dámhachtain agus costas a íocadh faoi na scéimeanna ginearálta agus cliniciúla slánaíochta agus gach costas eile ar íoc Aonad na gCostas Dílíthiúil iad — lena n-áirítear costais Bhinse.


18 Ní dhéantar costais riaracháin dhílse €36 mhilliún GÉS (€35 mhilliún in 2024) a aisghabháil ó údaráis tharmligthe Stáit.

19 Baineann €1.11 billiún den dliteanas measta gan íoc amhail deireadh na bliana le horduithe eatramhacha agus 'íocaíochta tréimhsiúla'.

Éilimh mheasta gan íoc

- 3.53** Réitíodh 3,570 éileamh in 2025. Mar sin féin, is figiúr ard fós é líon na n-éileamh a bhí á mbainistiú ag GÉS ag deireadh na bliana (féach Fíor 3.9). Ag deireadh 2025, bhí 10,658 éileamh (2024: 10,968) á mbainistiú, lenar áiríodh 986 éileamh (2024: 1,138) mar chuid de mhaisghníomhartha (ginearálta agus cliniciúil).
- 3.54** Áirítear le líon iomlán na n-éileamh ag deireadh 2025 éilimh a fuarthas ar scéim chúitimh an Gharda Síochána a bunaíodh i mí Aibreáin 2023.²⁰ Fuarthas 883 éileamh (2024: 720) faoin scéim go dtí deireadh 2025, arb éilimh oidhreachta iad a bhformhór a eascraíonn as eachtraí a tharla roimh bhunú na scéime.

Fíor 3.9 Éilimh a fuarthas agus a réitíodh gach bliain, agus éilimh a bhí á mbainistiú, ag deireadh na bliana, 2013 – 2025




²⁰ Bunaíodh an scéim faoi [Acht an Gharda Síochána \(Cúiteamh\) 2022](#).

Cuntais is infhaighte

3.55 Forchúitíonn GÉS dámhachtainí, socraíochtaí éilimh agus speansais a tabhaíodh thar ceann comhlachtaí Stáit trí na comhlachtaí faoi seach a bhilleáil. Tá méadú suntasach tagtha ar na méideanna atá dlite ó chomhlachtaí Stáit ó €11.8 milliún ag deireadh 2023 go €48.8 milliún ag deireadh 2025. I gcaitheamh na tréimhse céanna, tá athrú tagtha ar chomhdhéanamh aosaithe na bhfiach sin, agus é ag tógáil níos mó ama ar na comhlachtaí Stáit méideanna dlite a aisíoc (féach Fíor 3.10).

3.56 I mí Feabhra 2026, chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (an Roinn Caiteachais Phoiblí) in iúl do gach oifigeach airgeadais i ranna agus in oifigí rialtais go dteastaíonn ceadú ón Roinn Caiteachais Phoiblí sula socraítear méideanna atá dlite do GÉS.

Fíor 3.10 Méideanna GÉS a bhí dlite ó chomhlachtaí stáit, 2020 – 2025^a



Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Fághtar méideanna infhaighte a réitíodh i mí Eanáir na bliana dár gcionn ar lár.

Dlíthíocht CervicalCheck

3.57 Faoi dheireadh 2025, fuair GÉS fógra faoi 411 éileamh a bhain leis an gclár CervicalCheck de chuid FSS (deireadh 2024: 402 éileamh). Cuimsítear ansin 86 éileamh a bhain le díobháil shíceolaíoch ó bhaill teaghlaigh le mná a d'úsáid an clár sin.


3.58 Tógtar na héilimh den chuid is mó in aghaidh na saotharlann atá freagrach as na torthaí tástála a léamh agus in aghaidh Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte as neamhnochtadh na dtorthaí a bhí ar iniúchadh clínicíúil. Tá oibleagáid chonarthaigh ar shaotharlanna slánaíocht a chur ar fáil don Stát. Cuirtear idirghabháil ar fáil nuair is féidir chun éilimh a réiteach ar bhealach neamhsháraíochta, cé nach mbíonn aon smacht ag GÉS air sin i ngach cás.

3.59 Le linn 2025, tugadh 30 éileamh in aghaidh CervicalCheck chun críche, rud a d'fhág go raibh líon iomlán na n-éileamh a tugadh chun críche faoi dheireadh 2025 cothrom le 337 (82%). Ní chuirtear GÉS ar an eolas faoi na híocaíochtaí socraíochta arna ndéanamh ag na saotharlanna agus dá bhrí sin níl sé in ann na costais iomlána don ghrúpa éileamh sin a chur ar fáil. Amhail deireadh 2025, bhí an méid iomlán a bhí íochta ag GÉS i dtaca le héilimh CervicalCheck cothrom le €18.9 milliún, lena n-áirítear damáistí íochta €6.6 milliún.

Costais bhinse

3.60 In 2025, rinne GÉS íocaíochtaí ab ionann agus €8.8 milliún i ndáil le ceithre bhinse fiosrúcháin. Bhain an chuid is mó de chostais 2025 le táillí dlí a shocrú do rannpháirtí ag a raibh ról lárnach i mbinse Moriarty, a ndearnadh ordú cúitimh in aghaidh an Stáit ina leith in 2021 (féach Fíor 3.11).

Fíor 3.11 Costais bhinse 2025



Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta


Seirbhísí sainfhinné a sholáthar

3.61 Le linn 2025, rinne GBCN íocaíochtaí dar luach iomlán €10.1 milliún (gan CBL a áireamh) (2024: €9.1 milliún) i dtaobh earraí/seirbhísí a bhí ina n-ábhar d'eisceachtaí soláthair arna gceadú i gcomhréir le *Beartas Soláthair agus Nós Imeachta Soláthair* GBCN.

3.62 Tá méadú 70% tagtha le hocht mbliana anuas ar leibhéal foriomlán an tsoláthair neamhiomaíoch (féach Fíor 3.12). Is é caiteachas méadaithe a bhaineann le sainfhinnéithe arna gcoinneáil ag GÉS an phríomhghné spreagtha. Ní dhéanann GÉS finnéithe a sholáthar go hiomaíoch maidir le cúisíocht agus dliteanas ar an mbonn go méadódh sé sin an riosca dlíthíochta, ag féachaint do rialacha na n-uaschúirteanna.^{21,22}

21 Cuireann GÉS a chuid sainfhinnéithe ina dhá gcatagóir leathana — finnéithe i ndáil le 'cúisíocht agus dliteanas' (m.sh. finnéithe leighis agus innealtóra), agus finnéithe i ndáil le 'candam agus fíoras' (m.sh. finnéithe achtúireacha).

22 Thagair GÉS d'fhorálacha ordú 39 de [Rialacha na nUaschúirteanna](#).

Fíor 3.12 Eisceachtaí soláthair GBCN, 2018 – 2025

Foinse: Ráitis Airgeadais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 2018 go 2025. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Ciste na gCuntas Díomhain


- 3.63** Leis na hAchtanna um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 go 2012 (na hAchtanna), déantar foráil chun cuntais dhíomhaoine in institiúidí airgeadais, lena n-áirítear bainc, cumainn foirgníochta agus An Post, a aistriú chuig Ciste na gCuntas Díomhain. Aistrítear na cistí faoi réir ceart aiséilimh i dtaca leis na cistí sin.
- 3.64** Déantar foráil freisin leis na hAchtanna i gcomhair scéime le haghaidh eisíocaíochtaí a dhéanamh ó Chiste na gCuntas Díomhain i gcomhair clár nó tionscadal arna maoiniú ag ranna trína gcuid vótaí chun cabhrú leis na nithe seo a leanas:
- forbairt phearsanta agus shóisialta daoine atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch nó sóisialta
 - forbairt oideachasúil daoine atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil nó
 - daoine a bhfuil míchumas orthu de réir bhrí an Achta um Stádas Comhionann, 2000.
- 3.65** Tá GBCN freagrach as Ciste na gCuntas Díomhain a bhunú, a bhainistiú agus a rialú i gcomhréir leis na hAchtanna. Cuimsítear lena chuid feidhmeanna eisíocaíochtaí a dhéanamh leis na vótaí ábhartha i gcomhréir le hordacháin an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin; airgead arna aistriú a aisíoc; agus tairfid chuntasaíochta a choinneáil ar an airgead go léir a fhaightear agus a chaitear.
- 3.66** Cuimsíonn Ciste na gCuntas Díomhain cuntas infheistíochta agus eisíocaíochta agus cúlchiste. Baintear úsáid as an gcúlchiste chun cistí díomhaoine a aiséilíonn institiúidí airgeadais thar ceann a gcuid cliant (nó a gcuid ionadaithe dlí) agus costais agus speansais oibriúcháin ábhartha a aisíoc.
- 3.67** Ag deireadh 2025, bhí an t-iarmhéid deiridh sa chuntas infheistíochta agus aisíocaíochta cothrom le €110 milliún. Bhí an t-iarmhéid deiridh sa chúlchiste cothrom le €135.8 milliún. Bhí nach mór €246 milliún i luach na n-iarmhéideanna sa dá chuntas i dteannta a chéile ag deireadh 2025.
- 3.68** Tá méadú seasta tagtha ar iarmhéid an chúlchiste i gcaitheamh na tréimhse 2013 go 2025, ach tá méadú níos moille tagtha ar aisíocaíochtaí bliantúla le hinstitiúidí airgeadais agus ar speansais (féach Fíor 3.13).

23 Ceanglaítear ar na hinstitiúidí airgeadais leanúint ar aghaidh ag coinneáil tairfid na gcuntas aonair.

3.69 Is é GBCN a shocraíonn ó am go chéile an méid a chuirtear sa chúlchiste le ceadú ón Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta agus le toiliú an Aire Airgeadais. Is é 15% de na cuntais dhíomhaoine chomhlána atá faighte ach nach bhfuil aiséilithe go fóill an t-iarmhéid ceadaithe a cheanglaítear a choinneáil sa chúlchiste faoi láthair.

3.70 Ní fhaigheann GBCN sonraí cuntais aonair mar chuid d'insreabhadh cuntas díomhaoin nó iarrataí aiséilimh ó institiúidí airgeadais²³. Dá bhrí sin, ní féidir le GBCN aois na méideanna neamhéilithe a chinneadh. Cuireann sé sin teorainn leis an acmhainn atá ag an mbeartas cúlchistí chun an dóchúlacht fhéideartha níos ísle go n-aiséileofaí iarmhéideanna cuntas díomhaoin atá an-sean a léiriú.

Fíor 3.13 Iarmhéid an chúlchiste agus aisíocaíochtaí agus speansais bhliantúla, 2013 – 2025



Foinse: Ráitis airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoin, 2013 go 2025

3.71 I mí Iúil 2026, fuair GBCN ceadú ón Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta i gcomhair togra le haghaidh laghdú a dhéanamh ar an leithdháileadh 10% de luach comhiomlán na gcuntas díomhaoin atá faighte agus nach bhfuil aiséilithe fós ar an gcúlchiste. Is dóchúil go méadóidh sé sin luach na gcistí a bheidh ar fáil i gcomhair eisíocaíochtaí le haghaidh na gcuspoirí reachtúla.

3.72 Tá GBCN ag lorg toiliú ón Aire Airgeadais chun dul ar aghaidh ar an mbonn sin.

Iarscríbhinn 3A Costas oibríochtaí agus soláthar foirne de réir réimse gnó

Fíor 3A.1 Costas oibríochtaí, de réir réimse gnó, 2022 – 2025

	2022	2023	2024	2025
Aonaid ghnó GBCN	€m	€m	€m	€m
Maoiniú agus bainistíocht féich	13.4	13.5	14.3	13.5
An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn	18.4	22.5	24.8	25.8
Cistí um Éire sa Todhchaí	—	—	2.0	7.1
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	31.7	32.6	34.9	36.3
NewERA	6.8	7.5	8.2	8.7
An tAonad Baincéireachta (an Roinn Airgeadais)	4.4	2.9	2.8	2.7
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta	12.7	13.3	14.9	15.6
Comhlachtaí a fhaigheann tacaíocht				
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	26.2	23.9	33.9	17.2
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann	7.8	8.9	9.5	10.6
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann	6.2	7.3	7.7	8.9
Iomlán na n-íocaíochtaí	127.5	132.4	153.0	146.4

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

Fíor 3A.2 Dáileadh foirne GBCN ag deireadh na bliana, 2022 – 2025^a

	2022	2023	2024	2025
Aonaid ghnó GBCN				
Maoiniú agus bainistíocht féich	24	24	26	24
An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn	66	80	85	84
Cistí um Éire sa Todhchaí	—	—	2	12
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	170	170	179	178
NewERA	29	31	35	38
An tAonad Baincéireachta (an Roinn Airgeadais)	11	12	13	12
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta	66	71	77	78
Feidhmeanna corparáideacha GBCN				
Airgeadas, teicneolaíocht agus oibríochtaí	145	155	168	175
Dlí, comhlíonadh, AD agus iniúchóireacht inmheánach	59	63	60	64
Riosca	23	22	21	22
Eile	2	1	1	1
Comhlachtaí a fhaigheann tacaíocht				
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	110	92	81	53
Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann	38	44	47	51
Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann	31	36	35	42
Iomlán	773	801	830	834

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

Nóta: a Baineann an líon foirne le coibhéisí lánaimseartha.